



Tá iarratais á lorg ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas:

Cúntóir Taighde i bhForbairt na Fiontraíochta

Fiontar agus Scoil na Gaeilge

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Conradh ar Théarma Seasta 9 Mí

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Ollscoil óg, uaillmhianach, bhríomhar is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.dcu.ie) a bhfuil de mhisean aici ‘an saol agus an tsochaí a chlaochlú tríd an oideachas, taighde, nuálaíocht agus rannpháirtíocht’. Is fearr eolas uirthi in Éirinn mar ‘Ollscoil na Fiontraíochta agus an Chlaochlaithe’, agus tá sí tiomanta do chothú na tallainne, mar aon le haimsiú agus aistriú an eolais chun leas na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn. D’ainmnigh The Sunday Times DCU mar Ollscoil Éireannach na Bliana in 2021.

Tá an Ollscoil lonnaithe ar thrí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon agus Droim Conrach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 18,000 mac léinn cláraithe sna cúig Dhámh inti – Eolaíocht agus Sláinte, Scoil Ghnó DCU, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Institiúid Oideachais DCU. Tá DCU tiomanta don fheabhas ina cuid gníomhaíochtaí uile. Léirítear sin trí na tionscnaimh thaighde ardscotha, a cur chuige ceannródaíoch um theagasc agus foghlaim, an bhéim a leagtar ar eispéireas claochlaitheach a chruthú dá cuid mac léinn, agus a dea-thionchar sóisialta agus eacnamaíoch. De thairbhe thiomantas sin na foirne acadúla agus na mac léinn, rangáitear DCU i measc an 2% is fearr d’ollscoileanna an domhain. Luaitear go rialta í i measc an 100 Ollscoil Óg ar domhan (sa QS Top 70 Under 50 agus Times Higher Top 150 Under 100 faoi láthair).

Sa Times Higher Education University Impact Rankings, rangáitear DCU san 84ú háit ar domhan – rangú ina meastar an chaoi a gcuireann institiúidí ardoideachais le Cuspóirí na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Le deich mbliana anuas, tá DCU ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna na hÉireann i réimse aistriú na teicneolaíochta, i bhfianaise cheadúnú na maoinne intleachtúla.

Forléargas: Fiontar agus Scoil na Gaeilge

Scoil ildisciplíneach is ea Fiontar & Scoil na Gaeilge atá aitheanta go hidirnáisiúnta ar chaighdeán na gclár a sholáthraítear inti agus ar nuálacht an teagaisc, an taighde agus an tsaothair atá ar bun ag an bhfoireann acadúil agus ag foireann na dtionscadal digiteach. Tá céimeanna na Scoile, ag leibhéal na bunchéime agus na hiarchéime, deartha i dtreo is go dtreiseofar scileanna praiticiúla agus acadúla na

rannpháirtithe, agus le go gcuirfear lena bhforás leanúnach acadúil agus lena gcáilíochtaí gairmiúla. Freastalaíonn mic léinn ar an BA Gnó agus Gaeilge; MA i Léann na Gaeilge agus an MSc sa Bhainistíocht agus Gnó Digiteach. Tá foireann taighdeoirí ag obair ar acmhainní iontaofa nuálaíoch a fhorbairt chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaohlú, ina measc na tionscadail faoi chúram Gaois, le fáil ag www.gaois.ie. Bíonn foireann na Scoile ag comhoibriú le comhghleacaithe i ndisciplíní eile in DCU féin agus go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar ábhair éagsúla, ina measc: fiontraíocht, airgeadas, foghlaim ar líne agus gnó digiteach.

Nuálaíocht, Cruthaitheacht agus Fiontraíocht in DCU

Is tionscadal straitéiseach é ICE (Innovation, Creativity and Entrepreneurship) ina dtarraingítear le chéile an réimse leathan gníomhaíochtaí cuí i ngach ceann de na cúig Dhámh in DCU. Tá an-bhród ar DCU as an éiceachóras 'ICE' ina mbíonn deis ag an bhfoireann agus na mic léinn leas a bhaint as deiseanna a gcuid idéanna a fhorbairt le fiontair nua, lena n-áirítear fiontair shóisialta, fiontair chun brabúis agus fiontair ardteicneolaíochta, a bhunú.

Comhpháirteachas Poiblí in DCU

Tá tábhacht thar na bearta ag baint le plé fóna a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus leis an tsochaí i gcoitinne. Tá an-bhród ar DCU as an gcomhpháirteachas leathan agus substaintiúil le heagrais dheonacha agus eagraíochtaí pobail. Bíonn foireann DCU ag obair le hiliomad eagraíochtaí pobail le sochaí inmharthanach a chothú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Sampla den chomhobair seo ná an tlonad um Thaighde Gníomhach.

Próifíl an Róil

Beidh an Cúntóir Taighde lán-aimseartha seo ag obair leis an bPríomhthaighdeoir, ar thionscadail reatha agus tionscadail a thosóidh faoi cheann cúpla mí. Beidh ar an gCúntóir cabhrú le gníomhaíochtaí éagsúla a ullmhú, a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích. Beidh siad ag obair le ceannairí agus fiontraithe i gceantair Ghaeltachta, in earnáil dheonach na Gaeilge, i bhfiontair shóisialta agus le hearnáil charthanachta na hÉireann. Beidh an Cúntóir ag obair le páirtnéirí trasnáisiúnta i dtionscadail maoinithe ag Erasmus+ agus EIT.

Aidhm an phoist ná a chinntiú go gcríochnaítear na tionscadail go héifeachtúil agus go héifeachtach. Beifear ag forbairt punann d'ábhar foghlama, deiseanna foghlama agus tionscadail taighde a bhaineann le fiontraíocht shóisialta agus le nuálaíocht shóisialta; le forbairt fhiontair Ghaeltachta, agus le hoideachas fiontraíochta d'innealtóirí. D'fhéadfadh an ról a bheith feiliúnach do dhuine atá ag tabhairt faoi thaighde dochtúireachta nó atá ag smaoineamh ar thabhairt faoi thaighde dochtúireachta amach anseo.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

- Áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta díobh, ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí an phoist:
- Cabhrú leis an bPríomhthaighdeoir i riarachán laethúil na dtionscadal
- Cabhrú leis an bPríomhthaighdeoir comhoibriú le geallsealbhoirí inmheánacha agus seachtracha, acadúla agus profisiúnta; agus le daoine ag obair i bhforbairt na Gaeltachta, in

earnáil na Gaeilge, agus i bhfiontair shóisialta, agus i gcarthanachtaí, agus iad siúd ag obair le hoideachas fiontraíochta d'innealtóirí.

- Cabhrú le curaclam agus ábhar foghlama a fhorbairt do chothú inniúlachtaí fiontraíochta agus nuálaíochta.
- Ábhar foghlama dea-chleachtais a bhaineann leis na disciplíní cuí a bhailiú, a chur le chéile agus a roinnt, mar shampla comórtais fiontraíochta, foinsí comhairle agus tacaíochta.
- Dul chun cinn na hoibre a fhógairt agus a chur chun cinn ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha.
- Freastal ar chruinnithe rialta na dtionscadal i gcomhar leis an bPríomhthaighdeoir.
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn na dtionscadal a ullmhú agus a chur i láthair.
- Cabhrú le ceardlanna, cruinnithe agus imeachtaí a eagrú don fhoireann agus d'fhoghlaimoirí.
- Taighde a dhéanamh ar aschuir agus tionchar na dtionscadal.
- Aiseolas a bhailiú agus a chur le chéile ó rannpháirtithe na n-imeachtaí.
- Cabhrú leis an bPríomhthaighdeoir foinsí maoinithe a aithint, agus iarratais ar mhaoiniú a ullmhú

Cáilíochtaí agus Taithí

Critéir Riachtanacha

- Bunchéim onóracha, agus go hidéalach céim mháistreachta.
- Beidh ar a laghad ceann amháin de na céimeanna sna daonnachtaí, sna heolaíochtaí sóisialta, san oideachas, sa ghnó nó i ndisciplín gaolmhar, le gné den nuálaíocht agus den fhiontraíocht shóisialta.
- Ardchaighdeán sa Ghaeilge labhartha agus scríofa.

* D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais.

Critéir Inmhianaithe

- Ar a laghad bliain amháin de thaithí oibre a bhaineann leis na cáilíochtaí acadúla / leis an bpost seo, ag obair i bhforbairt Ghaeltachta, in earnáil na Gaeilge, i bhfiontar sóisialta, nó i gcarthanacht. Áireofar taithí dheonach freisin.
- Cumas a bheith ag obair ar fhoireann nuálaíoch comhoibríoch agus cumas a bheith nuálaíoch i gcomhthéacs luathchéime le páirtithe leasmhara éagsúla.
- Cumas comhoibriú le comhghleacaithe acadúla agus riaracháin in DCU agus sna heagrais thuasluaite.
- Taithí ag cumadh, ag tástáil, ag athchóirú agus ag leasú réitigh nuálaíochta ar fhadhbanna sóisialta agus ar fhadhbanna sa mhargadh.
- Spéis a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge agus i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta.
- Eitic láidir, agus tiomantas do réiteach fadhbanna, agus do chruthú réitigh nuálaíochta ar fhadhbanna sóisialta agus ar fhadhbanna sa mhargadh.
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid de fhoireann.
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta.

- Ardchumas eagrúcháin agus an cumas an obair ar fad a chur in ord tosaíochta, agus an cumas feidhmiú as a stuaim féin.

Oiliúint Éigeantach

Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR). Féadfaidh gur gá tabhairt faoi oiliúint eile nuair is cuí.